Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Meitheamh 2025
(OR. en)

9397/25

COSI 102
ENFOPOL 175
CRIMORG 95
ENFOCUSTOM 89
JAI 682

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 13 Meitheamh 2025 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9207/25 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar EMPACT agus maidir le tosaíochtaí an Aontais i ndáil le coireacht don chéad timthriall EMPACT eile 2026-2029<br>Conclúidí ón gComhairle (an 13 Meitheamh 2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar EMPACT agus maidir le tosaíochtaí an Aontais i ndáil le coireacht don chéad timthriall EMPACT eile 2026-2029 a d'fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ag an 4102ú cruinniú a bhí aici an 13 Meitheamh 2025.

**Conclúidí ón gComhairle**
**maidir le feabhas a chur ar EMPACT agus maidir le tosaíochtaí an Aontais**
**i ndáil le coireacht don chéad timthriall EMPACT eile 2026-2029**

**Breithnithe Ginearálta**

1. Seoladh Timthriall Beartais an Aontais do choireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach (ar a dtugtar anois an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla – EMPACT) leis na conclúidí ón gComhairle an 8 agus an 9 Samhain 2010.[1] Formheasadh buanleanúint thimthriall EMPACT leis na conclúidí ón gComhairle an 8 Márta 2021[2] agus leis na conclúidí ón gComhairle an 9 Márta 2023[3].

2. Is creat buan comhdhlúite é EMPACT atá faoi stiúir na mBallstát agus a sheasann amach mar phríomhchreat-tionscnamh an Aontais chun an choireacht thromchúiseach eagraithe a chomhrac. Oibríonn EMPACT i dtimthriallta 4 bliana. Tosaíonn gach timthriall le Measúnú an Aontais ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe (SOCTA), ina leagtar béim ar na bagairtí is práinní, agus a fheidhmíonn mar ionchur do na conclúidí ón gComhairle lena sainítear tosaíochtaí an Aontais i ndáil le coireacht. Leanann sé ar aghaidh le pleananna gníomhaíochta oibriúcháin (PGOnna) débhliantúla (2 bhliain) a fhorbairt, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu, agus tagann sé chun críche le meastóireacht neamhspleách.

3. Leanann EMPACT cur chuige atá bunaithe ar fhaisnéis ( fianaise-bhunaithe), ildisciplíneach agus comhtháite, lena dtugtar le chéile údaráis forfheidhmithe dlí, lena n-áirítear póilíní, údaráis chustaim agus chánach, gardaí teorann, údaráis bhreithiúnacha, údaráis phoiblí eile agus an earnáil phríobháideach. Nascann sé na leibhéil straitéiseacha agus oibríochtúla agus cuimsíonn sé an raon iomlán gníomhaíochtaí chun dul i ngleic le bagairt tosaíochta na coireachta (coisctheach, diansmachtúil, fothú acmhainneachta etc.).

[1] 15358/10
[2] 6481/21
[3] 7100/23

**I. EMPACT a fheabhsú**

4. Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht neamhspleách[4] dheireanach ar EMPACT go ngabhann breisluach suntasach leis an sásra, go gcothaíonn sé comhar ilghníomhaireachta, ilghníomhaí, trasteorann, nuálach agus struchtúrach, go gcuireann sé ardán uathúil ar fáil lenar féidir naisc a dhéanamh agus lena gcuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit. Thángthas ar an gconclúid freisin gurb amhlaidh, chun saincheisteanna leanúnacha a réiteach (e.g. cistiú, tiomantas ghníomhaithe EMPACT) agus chun ligean do EMPACT a phoitéinseal iomlán a bhaint amach agus leas a bhaint as, gur gá EMPACT 'a thabhairt go dtí an chéad leibhéal eile'.

5. D'fhonn an chéad timthriall EMPACT eile (2026-2029) a chur chun feidhme, ní mór don ardán leanúint de bheith ag cur le cur chuige comhtháite maidir le slándáil inmheánach an Aontais, lena ngabhann bearta maidir le bainistiú faisnéise, nuálaíocht, oiliúint, cosc agus gné sheachtrach na slándála inmheánaí, ina mbeidh tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus comhpháirtithe idirnáisiúnta eile rannpháirteach.

6. Aithnítear sa Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach[5] gur deis é an chéad timthriall EMPACT eile (2026-2029) chun an creat seo a neartú a thuilleadh fós, trí na hiarrachtaí atá á ndéanamh a chomhchuibhiú, na gealltanais atá tugtha ag na Ballstáit a threisiú, á áirithiú ag an am céanna go mbaintear úsáid éifeachtach as acmhainní chun cur isteach ar na líonraí coiriúla agus na coirpigh aonair is bagraí.

7. Ní mór EMPACT a chomhtháthú le beartais agus straitéisí ábhartha agus ní mór a aithint gurb é an príomhchreat le haghaidh comhar ildisciplíneach agus ilghníomhaireachta i gcoinne na bpríomhbhagairtí coireachta, le húdaráis ábhartha na mBallstát rannpháirteach ann; ba cheart an méid sin a dhéanamh i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, in éineacht le hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais chomh maith le comhpháirtithe nach comhpháirtithe forfheidhmithe dlí iad, an earnáil phríobháideach, comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí agus tríú páirtithe. Leis sin, ba cheart go n-áiritheofaí ailíniú agus go seachnófaí dúbláil le huirlisí oibríochtúla eile.

---

[4] 15238/24
[5] 7750/25

8. Ní mór do EMPACT buntáiste a bhaint as teicneolaíochtaí nua lenar féidir faisnéis a bhainistiú níos fearr agus forbairtí tábhachtacha féideartha a éascú i gcomhrac na coireachta eagraithe tromchúisí.

9. Braitheann cur chun feidhme EMPACT ar rannpháirtíocht ghníomhach agus ar thiomantas na rannpháirtithe. Ar an leibhéal náisiúnta, moltar acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil do chomhordaitheoirí náisiúnta EMPACT agus do na stiúrthóirí chun cur ar a gcumas a ndualgais a chomhlíonadh go héifeachtach. Tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt don mhéid a rannchuidíonn comhordaitheoirí náisiúnta EMPACT agus na stiúrthóirí.

10. Cuireann an easpa acmhainní airgeadais a leithdháiltear faoi láthair ar EMPACT teorainn ghéar ar a mhéid is féidir é a fhorbairt agus a leathnú amach anseo. Ní foláir teacht ar réiteach fadtéarmach inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de chun EMPACT a chistiú amach anseo. I bhfianaise sheoladh thimthriall EMPACT 2026-2029, iarrtar ar na gníomhaithe uile a bhfuil baint acu leis na cinntí buiséadacha féachaint, i gcás inarb iomchuí, ar an tacaíocht airgeadais a leithdháiltear ar EMPACT a mhéadú, lena n-áirítear i mbuiséad Europol. Ag an am céanna, moltar do thairbhithe, i gcás inar féidir, an úsáid is fearr is féidir a bhaint as gach foinse chistiúcháin ón Aontas.

11. Ba cheart do struchtúir EMPACT agus do na gníomhaithe uile lena mbaineann méid áirithe solúbthachta a choimeád chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí agus bagairtí gan choinne nárbh fhéidir a shainaithint le pleananna gníomhaíochta oibriúcháin.

12. Ní mór feasacht faoi EMPACT a fheabhsú i measc lucht déanta cinntí, cleachtóirí forfheidhmithe dlí agus páirtithe leasmhara ábhartha eile mar is ar an dóigh sin a rannchuideofar le EMPACT a ailíniú níos fearr leis an bpleanáil náisiúnta.

**Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

13. Na gníomhaíochtaí ábhartha a forbraíodh faoi chuimsiú EMPACT a chomhtháthú ina gcuid straitéisí agus pleanála náisiúnta slándála inmheánaí agus acmhainní a leithdháileadh chun tacú le cur chuige comhchoiteann ar fud an Aontais.

14. Tacú leis na céimeanna uile a chuimsítear in EMPACT, go háirithe trí róil straitéiseacha an tiománaí, an chomhthiománaí, an cheannaire gníomhaíochta agus an chomhcheannaire gníomhaíochta a ghlacadh chucu féin agus a chomhroinnt eatarthu féin.

15. Acmhainneachtaí leordhóthanacha (ó thaobh ama agus acmhainní daonna de) a sholáthar do chomhordaitheoirí náisiúnta EMPACT agus do na tiománaithe chun cur ar a gcumas a gcúraimí agus a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach. Tiománaí lánaimseartha nó páirtaimseartha a cheapadh, i gcás inarb ábhartha, a gheobhaidh tacaíocht ó shaineolaithe eile. Machnamh a dhéanamh ar fhoirne náisiúnta tacaíochta EMPACT a bhunú chun cúnamh a thabhairt do chomhordaitheoirí náisiúnta EMPACT.

16. Rannpháirtíocht agus tiomantas gníomhach na n-údarás inniúil náisiúnta uile a áirithiú nuair a bhíonn siad páirteach i ngníomhaíochtaí oibriúcháin.

17. Leas a bhaint as na deiseanna cistiúcháin uile atá ar fáil agus a áirithiú gur go tráthúil a chuirfear an cistiú ar fáil ionas go bhféadfar tús a chur leis na gníomhaíochtaí oibriúcháin ag céim luath.

18. Bearta a cheapadh agus a chomhordú chun treisiú le cumarsáid, infheictheacht agus sainiúlacht EMPACT agus PGOnna, i gcomhréir le straitéis chomhpháirteach chumarsáide EMPACT[6], lena n-áirítear trí na torthaí oibríochtúla (na bileoga eolais, mar shampla) a fhoilsiú agus a chur chun cinn ar bhonn rialta.

19. A áirithiú go mbeidh na saineolaithe náisiúnta ar chumarsáid EMPACT ina gcuid de fhoireann náisiúnta tacaíochta EMPACT, nó go mbeidh siad i ndlúth-theagmháil léi nó le comhordaitheoir náisiúnta EMPACT, i gcás ina mbunaítear iad, agus le príomhghníomhaithe eile EMPACT (institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais). Ba cheart do phointí teagmhála cumarsáide náisiúnta EMPACT a bheith rannpháirteach go gníomhach i ngníomhaíochtaí líonra agus cruinnithe chumarsáideoirí EMPACT.

[6] 13112/2/21 REV 2

20. A áirithiú, nuair a bheidh siad i gceannas ar líonraí agus grúpaí saineolaithe an Aontais – go háirithe iad siúd atá cleamhnaithe leis an Meitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí – Póilíní agus Custaim – go mbeidh siad tiomanta, mar chuid dá gcláir oibre, páirt ghníomhach a ghlacadh in ionstraimí EMPACT agus i gcur chun feidhme PGOnna, agus tacú agus treisiú leis an méid sin, lena n-áirítear a bheith ar thús cadhnaíochta i dtaobh gníomhaíochtaí sonracha.

21. Réimsí tosaíochta EMPACT a áireamh i gcuraclaim oiliúna náisiúnta d'údaráis inniúla agus leas iomlán a bhaint as na deiseanna oiliúna a thairgeann CEPOL faoi chuimsiú EMPACT, agus imeachtaí múscailte feasachta agus oiliúna a eagrú d'oifigigh forfheidhmithe dlí agus do pháirtithe leasmhara eile a bhfuil baint acu le cur chun feidhme EMPACT.

**Iarrann an Chomhairle ar COSI an méid seo a leanas a dhéanamh:**

22. Faireachán leanúnach a dhéanamh ar fheidhmiú EMPACT agus ar a ailíniú le riachtanais an Aontais i réimse na slándála agus an chomhair oibríochtúil, fís straitéiseach a chur ar fáil dá fhorbairt agus féachaint le barr feabhais a chur ar na hacmhainní a leithdháiltear ar an ardán.

23. Conclúidí agus doiciméid ón gComhairle (cuir i gcás téarmaí tagartha nó treoir straitéiseach maidir le laethanta gníomhaíochta a phleanáil) a bhaineann le EMPACT a dhréachtú.

24. Dul i gcomhairle, i gcás inarb ábhartha, le comhlachtaí ullmhúcháin ábhartha na Comhairle, le gníomhaireachtaí CGB, leis an gCoimisiún agus leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, chun a gcuid gníomhaíochtaí ábhartha a ailíniú le cur chun feidhme thosaíochtaí an Aontais i ndáil le coireacht. Iarrtar ar uachtaránachtaí inteachta an méid sin a chur san áireamh nuair a bheidh cláir mheithleacha ábhartha na Comhairle á n-ullmhú acu.

**Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:**

25. Moladh a dhéanamh, mar ábhar tosaíochta, go méadófaí an méid a leithdháiltear ar EMPACT i ndréachtbhuiséad bliantúil an Aontais (faoi ranníocaíocht an Aontais le Europol agus faoin gCiste Slándála Inmheánaí) agus roghanna a phlé leis na Ballstáit maidir le réiteach fadtéarmach atá inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de i dtaca le EMPACT san am atá le teacht.

26. Feasacht a mhúscailt faoi dheiseanna cistiúcháin malartacha agus comhlántacha a eascraíonn as buiséad an Aontais (ullmhú an phacáiste faisnéise maidir le deiseanna cistiúcháin, mar shampla).

27. Gníomhaíochtaí EMPACT a chomhtháthú agus a chur in alt a chéile le gníomhaíochtaí agus straitéisí slándála agus cláir fothaithe acmhainneachta ábhartha eile an Aontais.

28. Iarraidh ar líonraí agus grúpaí saineolaithe ábhartha an Aontais, arna maoiniú ag an gCoimisiún, gealltanas a thabhairt ina gcláir oibre páirt a ghlacadh (lena n-áirítear agus iad ina gceannairí nó ina gcomhcheannairí ar ghníomhaíochtaí sonracha), agus tacú agus treisiú le EMPACT agus le cur chun feidhme a chuid PGOnna.

29. A chur de chúram ar a chuid seirbhísí, i dtreo dheireadh gach timthrialla — agus an taithí a fuarthas cheana á cur san áireamh agus i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le gníomhaireachtaí an Aontais — meastóireacht neamhspleách a dhéanamh ar chur chun feidhme EMPACT agus torthaí na meastóireachta sin a chur faoi bhráid na Comhairle.

**Iarrann an Chomhairle ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Eachtraí agus ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:**

30. Breithnithe slándála a phríomhshruthú, i gcomhréir leis an Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach, i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais. Go háirithe, feasacht ar EMPACT a chur chun cinn in idirphlé slándála, i gcomhpháirtíochtaí straitéiseacha, i gcomhaontuithe agus i gcreataí comhair le tríú tíortha, agus i misin agus oibríochtaí an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC). I gcás inarb ábhartha, iarraidh ar thríú tíortha agus ar mhisin agus oibríochtaí CBSC páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí EMPACT, i ndlúthchomhar leis na tiománaithe.

31. Rannpháirtíocht tríú tíortha i gcur chun feidhme oibríochtúil EMPACT a éascú, lena n-áirítear trí thoscaireachtaí an Aontais, saineolaithe slándála an Aontais agus oifigigh idirchaidrimh Eorpacha um imirce, agus an méid sin a dhéanamh nuair is iomchuí, de réir na mbagairtí agus na riachtanas a shainaithnítear.

**Iarrann an Chomhairle ar ghníomhaireachtaí CGB an méid seo a leanas a dhéanamh:**

32. Gealltanas a thabhairt ina gcláir oibre bhliantúla páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí EMPACT agus tacaíocht a thabhairt dóibh, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais.

33. Leanúint, i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach, de thacaíocht oibríochtúil anailíseach a thabhairt do ghníomhaíochtaí oibríochtúla agus laethanta comhghníomhaíochta, lena n-áirítear sonraí pearsanta a bhaineann le coireacht a phróiseáil, mar aon le tacaíocht shonrach don tuairisciú agus don fhaireachán ar chur chun feidhme na bpleananna gníomhaíochta oibriúcháin agus tacaíocht don oiliúint agus don mhúscailt feasachta.

34. Ról na gcomhthiománaithe, na gceannairí gníomhaíochta, na gcomhcheannairí gníomhaíochta, na gcomhordaitheoirí comhspriocanna cothrománacha straitéiseacha agus na gcomhordaitheoirí laethanta comhghníomhaíochta a ghlacadh chucu féin, i gcás inarb ábhartha.

**Iarrann an Chomhairle ar Europol an méid seo a leanas a dhéanamh:**

35. Leanúint de thacaíocht a thabhairt, mar ábhar tosaíochta, do EMPACT agus machnamh a dhéanamh ar an méid a leithdháiltear ar EMPACT i mbuiséad Europol a mhéadú.

36. Tuarascáil eatramhach a fhorbairt, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, maidir le bagairtí nua agus bagairtí atá ag athrú nó ag teacht chun cinn, agus aird á tabhairt ar thosaíochtaí comhaontaithe EMPACT i ndáil le coireacht.

37. SOCTA a tháirgeadh, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, agus anailís agus mapáil nuashonraithe a dhéanamh ar na líonraí coiriúla is bagraí, agus léargas iomlán críochnúil a thabhairt ar na bagairtí coiriúla a bhaineann don Aontas.

38. Gníomhú chun gur fearr a fhéadfar tascfhórsaí oibríochtúla a chomhtháthú agus a úsáid in EMPACT trí fhaisnéis straitéiseach bhreise a thabhairt do thiománaithe maidir leis na tascfhórsaí oibríochtúla, go háirithe sonraí neamhphearsanta, cuir i gcás réimsí coireachta ábhartha, treochtaí agus *modi operandi*.

**II. Tosaíochtaí an Aontais i ndáil le coireacht do thimthriall EMPACT 2026-2029**

39. I gcomhréir le modheolaíocht EMPACT agus ar bhonn SOCTA 2025, ba cheart don Chomhairle tosaíochtaí coireachta an Aontais i gcomhrac na coireachta tromchúisí eagraithe a shainaithint.

40. In SOCTA 2025[7] sonraítear seacht bpríomhbhagairt atá le cur san áireamh i dtimthriall EMPACT 2026-2029.

41. Léiríonn SOCTA 2025 an chaoi a bhfuil an choireacht thromchúiseach eagraithe ina cúis le díchobhsú le himeacht ama (trí fháltais aindleathacha a ghiniúint agus foréigean agus éilliú a scaipeadh), an chaoi a bhfuil sí ag tarlú níos minice ar líne (líonraí coiriúla a bhaineann leas as bonneagar digiteach agus bonneagar ar líne, cuir i gcás) agus an dlús mór atá á chur léi tríd an intleacht shaorga agus teicneolaíochtaí nua eile (blocshlabhra nó ríomhaireacht chandamach, mar shampla). Ba cheart béim ar leith a leagan, dá bhrí sin, ar na forbairtí sin a ghleic nuair a bheidh an Plean Straitéiseach Ilbhliantúil Ginearálta agus na PGOnna á bhforbairt i dtaca le tosaíochtaí éagsúla i réimse na coireachta.

42. Bunaithe ar SOCTA 2025 agus páipéir straitéiseacha, measúnuithe agus beartais eile á gcur san áireamh, dhréachtaigh an Uachtaránacht agus seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh doiciméad comhairleach beartais[8] a pléadh leis na Ballstáit.

43. Ba cheart an taithí a fuarthas ó na PGOnna ábhartha i dtimthriall reatha EMPACT 2022-2025 a chur san áireamh go cuí agus PGOnna á gcur chun feidhme.

---

[7] 7280/25
[8] 8388/25

44. Bunaithe ar an bplé sin, measann an Chomhairle gur cheart gurb iad seo a leanas tosaíochtaí an Aontais i ndáil le coireacht do thimthriall EMPACT 2026-2029:

**1) NA LÍONRAÍ COIRIÚLA AGUS NA DAOINE AONAIR IS BAGRAÍ**

Is é is aidhm don tosaíocht seo '*na líonraí coiriúla is bagraí atá gníomhach san Aontas, na daoine aonair a bhfuil príomhróil acu sna líonraí sin agus na daoine aonair atá ag gníomhú leo féin agus a dhéanann coireanna tromchúiseacha mar sheirbhís, a shainaithint agus cur isteach orthu. Ba cheart béim ar leith a leagan ar na líonraí coiriúla agus ar na daoine aonair a bhaineann an bonn den smacht reachta trí dhul i muinín éillithe agus córais airgeadais chomhthreomhara agus mí-úsáid a bhaint as struchtúir dhlíthiúla ghnó chun airgead a sciúradh, trí dúshaothrú a dhéanamh ar earcaigh óga agus úsáid a bhaint as foréigean chun a spriocanna coiriúla a chur chun cinn. Ba cheart iarrachtaí a dhéanamh freisin sócmhainní a aisghabháil chun na brabúis choiriúla a urghabháil agus a choigistiú go héifeachtach agus chun cur isteach ar mhaoiniú tuilleadh gníomhaíochtaí coiriúla*'.

Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an tosaíocht dul i ngleic leis na líonraí coiriúla agus na daoine aonair is bagraí trí phlean gníomhaíochta oibriúcháin (PGO) amháin a bheartaítear a bheith uileghabhálach/cothrománach/trasearnálach.

Cé go rachadh PGOnna eile bunaithe ar thráchtearraí i ngleic leis na líonraí coiriúla agus leis na daoine aonair a bhfuil baint acu leis an réimse gaolmhar coireachta (e.g. gáinneáil ar dhrugaí) go fóill, d'fhéadfadh an PGO uileghabhálach sonrach sin rannchuidiú le faisnéis maidir le líonraí agus daoine aonair a bhailiú, rannchuidiú le mapáil agus fógraí faisnéise Europol, agus déileáil leis na cinn nach rachadh PGOnna bunaithe ar thráchtearraí i ngleic leo. Mar shampla, ós rud é gur feiniméan coiriúil ar leith é sciúradh airgid atá ríthábhachtach do líonraí coiriúla, ba cheart gníomhaíochtaí oibriúcháin maidir le líonraí coiriúla agus daoine aonair a bhíonn i mbun sciúradh airgid nó a sholáthraíonn sciúradh airgid mar sheirbhís chun comhrac an sciúrtha airgid agus na haisghabhála sócmhainní a chur chun cinn. Ina theannta sin, d'fhéadfadh gníomhaíochtaí oibriúcháin i leith grúpaí coireachta eagraithe soghluaiste a bhfuil baint acu le coireacht mhaoine eagraithe ar mhórscála ar fud na hEorpa, agus na líonraí ina labhraítear Rúisis (e.g. 'gadaithe céile') a bheith sa PGO sin freisin. Thairis sin, d'fhéadfadh an PGO sin creat ábhartha a chur ar fáil chun scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn na líonraí coireachta eagraithe leis na gníomhaithe aindleathacha seachtracha, agus chun anailís a dhéanamh ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag na líonraí sin i ndinimicí slándála níos leithne laistigh den Aontas agus lasmuigh de.

D’fhéadfadh na Ballstáit smaoineamh freisin ar na cúraimí a bhaineann leis an PGO 'uileghabhálach' sin a dháileadh go sonrach idir an ‘tiománaí’ agus an ‘comhthiománaí/na comhthiománaithe’. Mar shampla, cé go gcomhlíonfadh an ‘tiománaí’ a fhreagrachtaí comhordúcháin agus bainistíochta, d’fhéadfaí a chur de chúram ar ‘comhthiománaí’ amháin ‘mapáil na líonraí coiriúla’ a leanúint go dlúth, d’fhéadfaí a chur de chúram ar ‘chomhthiománaí’ eile cloí leis na gnéithe ‘comhrac an sciúrtha airgid, aisghabháil sócmhainní (reo agus coigistiú)’ (etc.).

## 2) NA COIREANNA IS MÓ FÁS SA RÉIMSE AR LÍNE

3 fhothosaíocht atá sa tosaíocht na coireanna is mó fás sa réimse ar líne a ghleic agus ba cheart aghaidh a thabhairt uirthi trí bhíthin 3 PGO.

### 2.1. Cibirionsaithe

Is é is aidhm don fhothosaíocht seo ‘*spriocdhíriú ar chiontóirí coiriúla a eagraíonn cibirionsaithe dar sprioc an bonneagar criticiúil, rialtais, gnólachtaí agus saoráidí príobháideacha.*’

Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an bhfothosaíocht sin trí aon PGO amháin.

### 2.2. Teacht i dtír gnéasach ar leanaí ar líne

Is é is aidhm don fhothosaíocht/PGO seo ‘*dul i ngleic leis an teacht i dtír gnéasach ar leanaí atá á chothú ar líne, lena n-áirítear táirgeadh agus scaipeadh ábhair teacht i dtír gnéasach ar leanaí (ÁTTGL) agus sirtheoireacht leanaí*’.

Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an bhfothosaíocht sin trí bhíthin aon PGO amháin.

### 2.3. Scéimeanna calaoise ar líne

Is é is aidhm don fhothosaíocht seo ‘*spriocdhíriú ar líonraí coiriúla agus ar dhaoine aonair a eagraíonn scéimeanna mórscála calaoise ar líne darb aidhm calaois a dhéanamh ar dhaoine aonair príobháideacha, gnólachtaí agus eagraíochtaí san earnáil phoiblí, go háirithe iad siúd a ghineann na milliúin euro gach bliain agus a bhaineann úsáid as ardáin ar líne chun cur le cumas a gcamscéimeanna spriocdhíriú ar líon mór íospartach’*.

Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an bhfothosaíocht sin trí bhíthin aon PGO amháin.

## 3) GÁINNEÁIL AR DHRUGAÍ

2 fhothosaíocht atá sa tosaíocht gáinneáil ar dhrugaí a chomhrac agus ba cheart aghaidh a thabhairt uirthi trí bhíthin 2 PGO.

### 3.1. Táirgeadh, gáinneáil agus dáileadh cannabais, cócaoin, hearóine

Is é is aidhm don fhothosaíocht seo '*líonraí coiriúla agus daoine aonair a shainaithint agus spriocdhíriú orthu, ar líonraí agus ar daoine aonair iad a bhíonn rannpháirteach (1) i ngáinneáil mhórdhíola ar channabas, ar chócaon agus ar hearóin chuig an Aontas, agus/nó (2) i saothrú agus i ndáileadh cannabais, cócaoin agus hearóine agus réamhtheachtaithe eile san Aontas*'.

Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an bhfothosaíocht sin trí bhíthin aon PGO amháin.

### 3.2. Táirgeadh, gáinneáil agus dáileadh drugaí sintéiseacha agus substaintí sícighníomhacha nua

Is é is aidhm don fhothosaíocht seo *'líonraí coiriúla agus daoine aonair a shainaithint agus spriocdhíriú orthu, ar líonraí iad atá rannpháirteach i dtáirgeadh agus soláthar domhanda drugaí sintéiseacha agus sícighníomhacha nua agus réamhtheachtaithe san Aontas, chuig an Aontas nó uaidh'.*

Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an bhfothosaíocht sin trí bhíthin aon PGO amháin.

## 4) SMUIGLEÁIL IMIRCEACH AGUS GÁINNEÁIL AR DHAOINE

2 fhothosaíocht atá sa tosaíocht dul i ngleic le smuigleáil, gáinneáil agus dúshaothrú agus ba cheart aghaidh a thabhairt orthu trí bhíthin 2 phlean PGO.

### 4.1. Smuigleáil imirceach

Is é is aidhm don fhothosaíocht seo '*líonraí coiriúla agus daoine aonair a chomhrac, ar líonraí agus daoine iad atá rannpháirteach i smuigleáil imirceach, go háirithe iad siúd a sholáthraíonn seirbhísí cuimsitheacha éascaíochta d'imircigh neamhrialta feadh na bpríomhbhealaí imirce ar theorainn sheachtrach an Aontais agus iad siúd a bhíonn rannpháirteach in éascú gluaiseachtaí tánaisteacha agus fíorú stádais cónaitheora san Aontas, agus aghaidh á tabhairt ar na grúpaí sin a gcuireann a modhanna beatha daoine i mbaol. Ba cheart aird ar leith a thabhairt freisin ar chalaois doiciméad agus chéannachta, agus ar úsáid doiciméad a fuarthas go calaoiseach*'.

Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an bhfothosaíocht sin trí bhíthin aon PGO amháin.

### 4.2. Gáinneáil ar dhaoine

Is é is aidhm don fhothosaíocht sin '*cur isteach ar líonraí coiriúla agus ar dhaoine aonair a bhíonn ag gabháil don gháinneáil ar dhaoine le haghaidh gach cineál dúshaothraithe, lena n-áirítear teacht i dtír saothair agus teacht i dtír gnéasach. Ba cheart béim ar leith a leagan ar chásanna ina ndéantar dúshaothrú ar mhionaoisigh, lena n-áirítear le haghaidh coiriúlacht éigeantais, cásanna úsáide foréigin nó bagairtí foréigin in aghaidh íospartach agus a dteaghlach, cásanna ina gcuirtear ina luí go bréagach ar íospartaigh go gcuirfear bonn oifigiúil leis an dúshaothrú, cásanna earcaíochta, fógraíochta nó dúshaothraithe íospartach ar líne, cásanna idirghabhálaithe a sholáthraíonn seirbhísí digiteacha.*'

Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an bhfothosaíocht sin trí bhíthin aon PGO amháin.

## 5) COIREANNA ARM TINE AGUS PLÉASCÁN

Is é is aidhm don tosaíocht seo '*spriocdhíriú ar líonraí coiriúla agus ar dhaoine aonair a bhfuil baint acu le marcáil arm tine agus mionarm agus arm éadrom eile (MAAÉ) a mhí-úsáid, a mhonarú go haindleathach, a gháinneáil, a shealbhú agus a mhodhnú. Tá sé sin infheidhme freisin maidir le gníomhaíochtaí aindleathacha comhfhreagracha a bhaineann le pléascáin agus táirgí piriteicniúla'.*

Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an tosaíocht sin trí bhíthin aon PGO amháin.

## 6) COIREANNA COMHSHAOIL

Is é is aidhm don tosaíocht seo '*cur isteach ar líonraí coiriúla agus ar dhaoine aonair a bhfuil baint acu le gach cineál cionta coiriúla comhshaoil, agus béim ar leith á leagan orthu siúd a bhfuil baint acu le coireacht dramhaíola, ar bagairt chriticiúil í de bharr go ndéanann sí an-dochar don chomhshaol, do shláinte an duine agus do na geilleagair, agus orthu siúd a bhfuil sé de chumas acu struchtúir dhlíthiúla ghnó a insíothlú nó a gcuideachtaí féin nó struchtúir eagraíochtúla chomhchosúla a bhunú mar mhodh chun gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a éascú*'.

Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an tosaíocht sin trí bhíthin aon PGO amháin.

## 7) COIREANNA EACNAMAÍOCHA AGUS AIRGEADAIS

3 fhothosaíocht atá sa tosaíocht calaois i gcoinne leas an Aontais agus a Bhallstát a chosc agus ba cheart aghaidh a thabhairt uirthi trí bhíthin 3 PGO.

### 7.1 Calaois CBL (lena n-áirítear calaois laistigh den Chomhphobal arna déanamh ag trádálaí atá ar iarraidh)

Is é is aidhm don fhothosaíocht seo '*cur isteach ar líonraí coiriúla agus ar fhiontraithe coiriúla aonair a bhfuil baint acu le calaois chánach bhreisluacha (CBL) chasta agus ar mhórscála, go háirithe le calaois laistigh den Chomhphobal arna déanamh ag trádálaí atá ar iarraidh (MTIC)*.

Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an bhfothosaíocht sin trí bhíthin aon PGO amháin.

### 7.2 Calaois mháil agus chustaim

Is é is aidhm don fhothosaíocht sin '*spriocdhíriú ar líonraí coiriúla agus ar dhaoine aonair atá ag gabháil don chalaois mháil ar mhórscála, agus béim ar leith á leagan ar tháirgeadh agus/nó ar gháinneáil táirgí tobac aindleathacha san Aontas, agus ar chalaois chustaim (lena n-áirítear imghabháil smachtbhannaí) as a n-eascraíonn caillteanais shuntasacha airgeadais don Aontas agus caillteanais shuntasacha ioncaim cánach do go leor Ballstát agus lena gcuirtear sábháilteacht agus slándáil shaoránaigh an Aontais i mbaol*'.

Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an bhfothosaíocht sin trí bhíthin aon PGO amháin.

### 7.3 Coireacht maoine intleachtúla, góchumadh earraí agus airgeadraí

Is é is aidhm don fhothosaíocht seo '*líonraí coiriúla agus fiontraithe aonair coiriúla a bhíonn rannpháirteach i gcoireacht maoine intleachtúla agus i dtáirgeadh, díol nó dáileadh (fisiciúil agus ar líne) earraí nó airgeadraí góchumtha a chomhrac agus cur isteach orthu, agus aghaidh ar leith á tabhairt ar earraí a dhéanann dochar do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí, don chomhshaol agus do gheilleagar an Aontais*'.

Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an bhfothosaíocht sin trí bhíthin aon PGO amháin.

---